

IFCO

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán 2019



AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS
DEPARTMENT OF JUSTICE AND EQUALITY

Clár na n-ábhar

1. Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais	1
2. Ráitis ar Chomhlíonadh maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit	2
3. Príomhfhorbairtí i 2019	7
4. Airgeadais	12
5. Deimhniú Scannán Pictiúrlainne	14
6. Deimhniú Físeán/DVDanna	16
7. Ceadúnais Eisithe	17
8. Foireann	19





IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Do Charles Flanagan
T.D., Aire Dlí agus Cirt agus
Comhionannais

A Aire,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán do 2019 mar a éilítear faoi Roinn 29 den Acht um Fhístaifeadtaí 1989 a chur i láthair.

Tá ár bhfeidhmeanna reachtúla faoi réir ag an Acht um Scrúdóireacht Scannán 1923 agus an tAcht um Fhístaifeadtaí 1989 maraon lena leasuithe ábhartha. Cloímid freisin leis na prionsabail seo a leanas mar atá sonraithe ar ár láithreán gréasáin www.ifco.ie:

- Creidimid go bhfuil sé de cheart ag aosaigh (i.e., daoine thar 18) a bheith saor le roghnú, laistigh den dlí, cad ba mhian leo a amharc.
- Tá dualgas againn leanaí agus daoine óga a chosaint ó dhíobháil.
- Molaimid agus spreagaimid freagras tuismitheora go mórmhór.

I 2019 deimhníodh iomlán de 509 scannán pictiúrlainne ar eisiúint in Éirinn.

Is méadú de 10.7% é seo ón mbliain roimhe sin agus léiríonn sé an fás leanúnach i líon na saothar amharclainne.

Mar a tuaradh i 2018, leanann an laghdú ar oibreacha DVD a cuireadh isteach le líon iomlán na dteideal a deimhníodh i 2019 ag 1,942, laghdú de 25%.

Le linn 2019 rinneadh achomharc ar dhá chinneadh don Bhord Achomhairc um Aicmiú Scannán, a cheadaigh na hachomhairc sa dá chás.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl go hoifigiúil don obair déanta ag mo chomhghleacaithe san IFCO agus na Deimhnitheoirí Cúnta agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don bhFoireann Rialachais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais dá dtacaíocht leanúnach.

Mise le meas,

Ger Connolly
Stiúrthóir Aicmithe Scannán

Ráitis um Chomhlíonadh le Rialachas Comhlachtaí Stáit

1. Deimhním gur aontaíodh Comhaontú Maoirseachta leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a leiríonn comhlíonadh maidir le riachtanais an Chód Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

2. Cuireadh measúnú oiriúnach de phríomhbhaoil an IFCO ar bun. Is iad na dá príomhbhaoil a aithníodh ná:

- Impleachtaí féideartha an Bhreitheachta bainteach le seachadadh ábhar ón Ríocht Aontaithe a d'fhéadfadh cur isteach ar ár dtiomantas do sheachadadh seirbhíse cliant.
- Miondealuithe féideartha ar tharchur sonraí ar líne a chuirfeadh moill ar sheachadadh seirbhíse freisin.

3. Tá an IFCO ag cloí leis an gCód Caiteachais Poiblí.

4. Tá an IFCO ag cloí le dlí cánach na hÉireann.

5. Ar son Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann, admhaím mo fhreagras mar Stiúrthóir as deimhniú go gcaomhnaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun baol a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú cinntitheach a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go n-aimsítear iad go tráthúil.

Baol agus Rialú

Tá clár baoil in ionad a aithníonn na príomhbhaoil atá le sárú ag an IFCO. Aithníodh iad agus rinneadh measúnú agus céimniú orthu de réir na tábhachta a bhaineann leo. Déanfar athbhreithniú ar an gclár seo arís i 2020.

Sonraíonn an clár baoil na smachtaí agus gnímh atá riachtanach chun baoil agus freagracht a laghdú d'oibriúchán smachtaí a shanntar d'fhoireann speiceasach. Deimhním go bhfuil timpeallacht smachta i bhfeidhm leis na gnéithe seo a leanas:

- Tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó taifeadta.
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le freagracht dá réir.
- Tá córas buiséadaithe oiriúnach le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú.
- Tá córais dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus cumarsáid teicneolaíochta.
- Tá córais in ionad chun na sócmhainní a chosaint.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta in ionad ag an IFCO chun comhlíonadh a dheimhniú le rialacha agus treoirlínte soláthar reatha.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach i 2019 a bhfuil gá iad a nochtadh.

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le freagracht chomhfhreagrach.
- Tá socrúcháin maidir le tuairisciú bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun teipeanna suntasacha tuairiscithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach oiriúnach a chinntiú.

Smachtaí Riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, a áiríonn leithdheighilt dualgas agus córas toscaireachta agus freagrachta agus, go háirithe, go bhfuil córas buiséadaithe oiriúnach ann le buiséad bliantúil, atá á athbhreithniú ag an mbainistíocht.

- Cuireann an bhainistíocht athbhreithnithe rialta ar bun ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmiúchán airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Feidhmíonn córas bainistíochta baol laistigh den IFCO.
- Cinntíonn an IFCO go bhfuil fócas oiriúnach ar dheachleactas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú leis na treoirínte ábhartha ar fad agus leis an mbeartas soláthar.

Comhlíonadh Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Deimhním go bhfuil an IFCO ag comhlíonadh forálacha ábhartha an Achta, ag tabhairt san áireamh an gá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas maidir le deiseanna agus an tslí a caitear le foireann agus daoine a sholáthraímid seirbhísí dóibh a chur chun cinn, agus cearta daonna agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint. Léirítear na tiomantais seo, de réir mar is gá, sa Phlean Straitéiseach reatha.

'Foréigean grinn éadrom, bagairt agus greann drochbhéasach.'
(Comhairle tomhaltóra maidir le *The Secret Life of Pets 2* ar láithreán gréasáin an IFCO)



The Secret Life of Pets 2
Stiúrthóir: Chris Renaud, Jonathan del Val.



Príomhfhorbairtí i 2019

Gníomhaíocht Oibriúcháin

Ba é líon iomlán na bpríomhscannán pictiúrlainne a deimhníodh le linn 2019 ná 509, méadú de 10.7% ón mbliain roimhe sin.

Is treocht leanúnach é seo. 20 Bliain ó shin, ag tús an chéid, bhí 180 aighneacht, sin méadú beagnach faoi thrí thar an tréimhse seo.

Ba é líon iomlán na bhfístaifeadtaí a deimhníodh ná 1,942, laghdú suntasach ó na haighneachtaí i rith 2018. De réir mar a leanann an t-éileamh do DVDanna fisiciúla ag laghdú, laghdóidh líon na n-aighneachtaí chomh maith. Feictear é seo freisin i líon na gCeadúnas Físe a eisíodh atá tar éis laghdú faoina leath le 10 mbliana anuas.

Achomhairc

Bhí dhá achomharc i 2019.

Ba iad na scannáin a bhí i gceist ná Mid 90s agus Downton Abbey.

Maidir le Mid 90s, ba é an cinneadh maidir le haicmiú ná 18 le hiarratas achomhairc do 16; maidir le Downton Abbey ba é 12A an cinneadh le hachomharc do PG.

Sa dá chás, cheadaigh Bord Achomhairc um Aicmiú Scannán na hachomhairc.

Físchluichí

Le linn 2019, scrúdaigh an IFCO 35 cluiche a rinne an Córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis Cluichí (PEGI) rátáil 18 orthu chun comhlíontacht a dheimhniú le fórála an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989.

Tá an tsamhail aicmithe Pan-Eorpach seo d'fhíschluichí, a bunaíodh i 2003 leis an IFCO mar bhall bunaitheach, de shíor ag fás, agus i 2019 bhí scrúdú á dhéanamh aici ar shaincheist na "mboscaí loot" agus a gcaidreamh le cearrbhachas d'fhonn leasú a dhéanamh, nuair is gá, ar na critéir aicmithe. Is ball é Ger Connolly de Chomhairle an PEGI a bhunaíonn critéir aicmithe. Is ball é freisin de Bhord Gearán an PEGI a dhéanann breithniú ar achomhairc aicmithe.

Grúpaí Fócais/Taispeántais

Tugadh roinnt taispeántais idirghníomhach do mhic linn Dara agus Triú Leibhéal le linn na bliana. Ina measc bhí imeacht ar a dtugtar “Cas leis an Aicmitheoir”, mar chuid den bhféile scannáin Cinemagic. Ba é seo an dara ócáid ina rabhamar i gcompháirtíocht le Bord Aicmithe Scannán na Breataine chun na cineálacha cur chuige maidir le haicmiú in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe a phlé.

Bhí sé mar phléisiúr ag an IFCO a bheith i gcompháirtíocht le Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath ag óstáil an giúiré leanaí Fantastic Flix. Tá buíochas faoi leith ag dul don Aicmitheoir Cúnta David Power dá ról sna himeachtaí seo.

Taighde

Bhíothas ag súil le tionscadal taighde láidir a chur i gcrích le linn na bliana ach, mar gheall ar chúrsaí ama agus forbairtí eile, socraíodh é a chur siar go dtí 2020. Mar a dúradh cheana, beidh sé seo mar bhunús d’athbhreithniú ar threoiríní agus bandaí aoise chun dearcaí phobal na hÉireann a léiriú.

Láithreán Gréasáin

I mBealtaine, sheol an tAire David Stanton láithreán gréasáin nua an IFCO a dearadh i gcomhar le rannóg TF na roinne.

Soláthraíonn sé seo eolas níos inrochtana agus éasca le léamh maidir le heisiúintí pictiúrlainne agus DVDanna chun eolas comhsheasmhach do thomhaltóirí a sholáthar don phobal agus, do thuismitheoirí/chaomhnóirí go háirithe maidir lena roghanna féachana.

IFCO

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

'Bagairt éadrom.'

(Comhairle tomhaltóra maidir le *Frozen 2* ar láithreán gréasáin an IFCO)



Frozen 2

Stiúrthóir: Chris Buck, Jennifer Lee.



Gearáin

Le linn 2019, fuair an IFCO 20 gearán ón bpobal a bhain go speiceasach le haicmithe a dámhadh. Ba é 2 an líon is mó a fuarthas i leith aon teidil amháin i gcás JOKER agus MIDSOMMAR.

Os rud é gur ghin iontrálacha pictiúrlainne 117.4 milliún Euro, tá leibhéal na ngearán an-íseal. Cé go dtabharfadh sé seo le fios go bhfuil leibhéal ard sástachta leis na rátálacha aoise reatha, táthar ag súil go dtabharfaidh an miontaighde atá le coimisiúnú i 2020 léargas ceart dúinn ar shásamh tomhaltóirí.

Seachadadh Digiteach

Ó mhí Eanáir i leith tá córas curtha i bhfeidhm againn trínar féidir gach aighneacht DVD a tharchur chuig an IFCO ar líne. Is mór an tairbhe é seo chun an t-am idir aighneacht agus aicmiú a laghdú arís. Le tréimhsí ama ag laghdú i gcónaí idir táirgeadh agus eisiúint, is acmhainn fíorthábhachtach í seo dár gcustaiméirí gnó agus glacadh go mór lena húsáid. Leis na neamhchinnteachtaí maidir le rialuithe teorann an Bhreitheachta, is cosaint í seo freisin i gcoinne moilleanna suntasacha seachadta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hábhair a fháil.

Spriocanna agus Feidhmiúchán 2019


Ba iad seo a leanas príomhthorthaí na spriocanna a leagadh amach do 2019:

- Ba é líon na ndeimhnithe aicmithe a eisíodh ná 3,111 a bhí 15% níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis. Tharla sé seo mar gheall ar thitim níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis in aighneachtaí DVDanna, go háirithe i Ráithe 4.
- Déanfar taighde agus athbhreithniú ar threoirlínte anois i 2020.
- Seachadadh ardán seachadta ar líne go rathúil de réir sprice i Ráithe 1 agus tá sé á n-úsáid go forleathan ag ár gcliaint ghnó.
- Seoladh an láithreán gréasáin i mBealtaine agus tá an sprioc de 25,000 cuairt in aghaidh na míosa bainte amach agus sáraithe.
- Ba é an olltoradh caiteachais don bhliain ná €503K, sábháil ar bhuiséad de €143K.



IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

'Tagairtí do mhí-úsaid leanaí. Tagairtí gnéis measartha agus radhairc fhoréigneacha.'
(Comhairle tomhaltóra maidir le *The Two Popes* ar láithreán gréasáin an IFCO)



The Two Popes
Stiúrthóir: Fernando Meirelles.



Airgeadais

Sea a leanas na táillí a ghearr an Oifig as scannáin phictiúrlainne agus DVDanna/físeáin a dheimhniú agus as ceadúnais a eisiúint i 2019:

○ Físeáin	€595,372.42
○ Scannáin	€430,270.93
○ Ceadúnais	€175,200.00
○ Achomhairc	€1,000.00

Ba é an t-ioncam iomlán a fuarthas thar cheann na Roinne i 2019 ná **€1,201,843.35**.



IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Radhairc ghnéis, úsáid drugaí, drochtheanga.'

(Comhairle tomhaltóra maidir le *Rocketman* ar láithreán gréasáin an IFCO)



Rocketman

Stiúrthóir: Dexter



Deimhniú Aighneachtaí Pictiúrlainne

Aighneachtaí Pictiúrlainne a Deimhníodh i 2019

Príomhscannáin	502
Gearrscannáin	7
Blaisíní	<u>660</u>
Iomlán	1169

Gach Scannán de réir Catagóir

G	248
PG	187
12A	361
15A	287
16	65
18	<u>21</u>
Iomlán	1169

Príomhscannáin/Gearrscannáin Deimhnithe de réir Catagóir

	<u>2016</u>	<u>2017</u>	<u>2018</u>	<u>2019</u>
G	37	38	41	45
PG	62	58	61	64
12A	131	126	124	138
15A	142	164	159	177
16	35	45	52	64
18	<u>13</u>	<u>20</u>	<u>23</u>	<u>21</u>
	420	451	460	509

Tír Dhúchais Aonair

140	Stáit Aontaithe Mheiriceá
92	An India
62	An Ríocht Aontaithe
26	Éire
17	An Pholainn
13	An Fhrainc
11	An tSín
5	An Astráil
5	An tSeapáin
5	An Chóiré Theas
3	An Liotuáin
2	Ceanada
2	An Ghearmáin
2	An Spáinn
1	An Ostair
1	An Bheilg
1	Buircíne Fasó
1	An Íoslainn
1	An Iodáil
1	An Iorua
1	An Phortaingéil
1	An Rómáin
1	An Rúis
394	Iomlán

Tíortha Dúchais Iolracha

16	An Ríocht Aontaithe/Stáit Aontaithe Mheiriceá
4	An tSín/Stáit Aontaithe Mheiriceá
4	Éire/Stáit Aontaithe Mheiriceá
4	An tSualainn/An Danmhairg
3	Ceanada/Stáit Aontaithe Mheiriceá
3	An Fhrainc/An Bheilg
3	An Ríocht Aontaithe/Éire
3	Stáit Aontaithe Mheiriceá/Ceanada
3	Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Ríocht Aontaithe
3	Ighnéitheach
2	An Astráil/Stáit Aontaithe Mheiriceá
2	An Fhrainc/Stáit Aontaithe Mheiriceá
2	Éire/An Ríocht Aontaithe
1	An Astráil/Stáit Aontaithe Mheiriceá /Ceanada
1	An Ostair/An Ríocht Aontaithe/An Ghearmáin
1	An Bheilg/Ceanada
1	An Bhrasaíl/An Fhrainc
1	An Bhrasaíl/Stáit Aontaithe Mheiriceá/An tSín
1	Ceanada/Stáit Aontaithe Mheiriceá/Oileáin Cayman
1	An tSile/Stáit Aontaithe Mheiriceá
1	An tSín/An Astráil
1	An Cholóim/An Danmhairg/Meicsiceo
1	Poblacht na Seice/An Nua-Shéalainn
1	An Danmhairg/Ceanada/An Iorua/An Astráil
1	An Fhionlainn/Stáit Aontaithe Mheiriceá
1	An Fhrainc/An tSín/Guadalúip
1	An Fhrainc/An tSeapáin/Stáit Aontaithe Mheiriceá
1	An Fhrainc/An Spáinn/An Rómáin/Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Bheilg
1	An Ghearmáin/An Bheilg
1	An Ghearmáin/An Bheilg/An Ríocht Aontaithe/An Iodáil
1	An Ghearmáin/An Fhrainc
1	An Ghearmáin/An Fhrainc/An Ríocht Aontaithe/An Pholainn/Stáit Aontaithe Mheiriceá
1	An Ghearmáin/An India/Stáit Aontaithe Mheiriceá
1	An Ghearmáin/An Ríocht Aontaithe
1	An Ghearmáin/Stáit Aontaithe Mheiriceá
1	Hong Cong/Stáit Aontaithe Mheiriceá
1	An Íoslainn/An Fhrainc/An Úcráin
1	An Íoslainn/An Astráil/An Fhrainc/An Ríocht Aontaithe
1	Éire/An Bheilg
1	Éire/An Phalaistín
1	An Iodáil/An Fhrainc
1	An Iodáil/An Eilvéis/An Fhrainc/An Ghearmáin
1	An tSeapáin/An Fhrainc
1	An tSeapáin/Stáit Aontaithe Mheiriceá
1	An Chéinia/An Ríocht Aontaithe
1	An Liobáin/Stáit Aontaithe Mheiriceá
1	An Mhalaeisia/Oileáin Mhaidíve/An Bhútáin/Djibouti
1	An Nua-Shéalainn/Stáit Aontaithe Mheiriceá
1	An Rómáin/An Fhrainc/An Ghearmáin/An tSualainn
1	An Afraic Theas/Na Stáit Aontaithe
1	An Spáinn/An Bheilg/An Fhrainc/An Ríocht Aontaithe/An Phortaingéil
1	An Spáinn/Cúba/An Ríocht Aontaithe/An Ghearmáin
1	An Spáinn/An Fhrainc/An Iodáil
1	An Spáinn/An Ríocht Aontaithe
1	An Spáinn/Stáit Aontaithe Mheiriceá
21	Eile

115 Iomlán



IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

'Foréigean láidir fuilteach.'

(Comhairle tomhaltóra maidir le *Joker* ar láithreán gréasáin an IFCO)




Joker

Stiúrthóir: Todd Phillips




Deimhniú Físeán/DVDanna



De Réir Cineál Saothair

Príomhscannán	734
Scannán	309
Comhchodach	
Breis ábhair ar DVD	784
Blaisín	79
Físchluiche	35
Fógra	1
Iomlán	1942




Saothair DVD/Físeán Aicmithe de réir

Catagóir


	<u>2016</u>	<u>2017</u>	<u>2018</u>	<u>2019</u>
G	805	551	471	385
PG	590	531	436	306
12	845	705	657	489
15	1427	1118	929	653
18	163	184	128	109
Iomlán	3830	3089	2621	1942

Ceadúnais Eisithe 2019



Mórdhíol	0
Feithicil	1
<u>Miondíol</u>	<u>744</u>
Iomlán	745

Foréigean an-láidir agus fuilteach. Tagairtí láidre do mhí-úsáid leanaí.
(Comhairle tomhaltóra maidir le *Once Upon a Time in Hollywood* ar láithreán gréasáin an IFCO)



Once Upon a Time in Hollywood
Stiúrthóir: Quentin Tarantino



Foireann Aicmithe

Stiúrthóir Aicmithe Scannán

Ceapadh Ger Connolly mar Stiúrthóir Aicmithe Scannán i mBealtaine 2016. Ba Scrúdóir Cúnta agus Leas-Stiúrthóir é roimhe sin.

Ceapadh é mar scrúdóir scannán páirtaimseartha cúnta i Samhain 1993 agus d'oibrigh sé mar Leas-Stiúrthóir/Stiúrthóir Gníomhach ó 2003-2016.

Déanann sé ionadaíocht thar cheann na hÉireann agus Comhairle an PEGI, Córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis Cluichí, agus suíonn sé ar a Bord Comhairleach agus a Bord Gearán.

Aicmitheoirí Cúnta Páirtaimseartha Le Linn 2019

Zélie Asava

PhD sa Staidéar Scannán
Ceaptha 2017

Mark Brennan

Iriseoir
Ceaptha 2017

Niamh McCole

PhD sa Staidéar Scannán
Ceaptha 2017

David Power

Léiritheoir Teilifíse
Ceaptha 2017

Martin Scanlon

Abhcóide
Ceaptha 2017

www.ifco.ie



IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE